Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Curaclam athfhorbartha na Bunscoile – príomhtheach-taireachtaí maidir le cur i bhfeidhm luath

## Réamhrá

Tá sé mar aidhm le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste chun go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath. Tacaíonn sé le foghlaim, teagasc agus measúnú ar ardchaighdeán atá cuimsitheach agus fianaisebhunaithe agus aithníonn sé ceart gach páiste dul chun cinn a dhéanamh i ngach réimse dá gcuid foghlama agus forbartha. Is éard a bhí mar bhonn eolais faoi athfhorbairt an churaclaim ná taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta, guthanna na bpáirtithe leasmhara, aiseolas agus comhairliúchán, agus obair mharthanach le pobail scoile.

Léirítear le seoladh an churaclaim seo gur mór an t athrú atá ag titim amach i scoileanna agus ar fud an chórais níos leithne. Tá sé beartaithe go mbainfear úsáid sholúbtha as an gcuraclam, rud a spreagfaidh, ar an gcaoi sin, cumas gníomhúcháin agus úinéireacht a bhaineann go sonrach le comhthéacs ar leith. Ní hé gur faoi scoileanna amháin atá an obair seo, ach faoi na páirtithe leasmhara uile sa chóras oideachais. Is annamh a dhéantar athrú gan stró. Agus ár mbealach á dhéanamh tríd an athrú seo, teastóidh oiriúnú, misniú agus tacaíocht fhrithpháirteach, maille le haistriú ar shiúl ó chur chun feidhme beartais go cur i bhfeidhm beartais. Is éard atá i gceist le Curaclam athfhorbartha na Bunscoile a chur i bhfeidhm ná foghlaim, teagasc agus measúnú a athshamhlú i bhfianaise phrionsabail an churaclaim, agus é á chinntiú go dtreoraítear an uile chinneadh san oideachas leis an méid ar a leagtar an tábhacht is mó sa churaclam.

Is iad na gairmithe tiomanta inniúla gníomhaíocha inár scoileanna a chuireann beocht sa churaclam. Cuirtear beocht ann freisin a bhuí le guthanna agus roghanna na bpáistí, agus trí chomhpháirtíocht na dtuismitheoirí agus na dteaghlach a thacaíonn leis an bhfoghlaim. Tá sé de phríomhaidhm ag an mbunoideachas forbairt a dhéanamh ar eispéiris luathfhoghlama na bpáistí agus tacú lena ndul chun cinn tríd an oideachas bunscoile agus amach san oideachas iar-bhunscoile, agus an t eolas, na scileanna agus na meonta á gcur ar fáil dóibh don saol a bheidh acu amach anseo. Agus aird á tabhairt ar an méid sin, leis na príomhtheachtaireachtaí seo a leanas maidir le cur i bhfeidhm, is féidir tacú leis an uile dhuine a bheidh ag gabháil don churaclam sna blianta amach romhainn.

## Táimid ag forbairt ár gcuid láidreachtaí chun tacú le gach páiste barr a gcumais a bhaint amach

Is le haghaidh gach páiste i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta Curaclam athfhorbartha na Bunscoile. Déanann sé forbairt ar láidreachtaí Churaclam 1999 na Bunscoile chun bunchloch láidir a leagan síos do gach páiste chun go mbeidh siad faoi bhláth agus faoi rath. Agus é á chur i bhfeidhm, éilítear fócas athnuaite ar fhís an churaclaim, lena chinntiú go ndéantar foghlaim, teagasc agus measúnú a mhúnlú d'aon ghnó chun tacú le hionchuimsiú, rannpháirteachas, dul chun cinn agus forbairt iomlánaíoch.

Is éard atá i gceist leis sin ná leas a bhaint as ár gcuid saineolais chomhchoitinn, dul i mbun cumas gníomhúcháin gairmiúil, agus cleachtas a chur in oiriúint chun fís an churaclaim a léiriú agus freastal ar riachtanais éagsúla na bpáistí uile – páistí a mbaineann míbhuntáiste dóibh, a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu agus a thagann ó chúlraí éagsúla cultúir agus teanga ina measc siúd.

## Is ag foghlaim agus ag fás atáimid uile agus an curaclam á chur i bhfeidhm againn

Aistear comhchoiteann atá i gceist leis an gcuraclam athfhorbartha a chur i bhfeidhm, is aistear lena mbaineann foghlaim agus athrú don uile dhuine. Déanann an t aistear forbairt ar eolas agus cleachtas atá ann cheana féin, agus trí chomhoibriú, comhroinnt agus idirphlé, tiocfaidh tuiscintí níos doimhne ar an gcuraclam chun cinn chun tacú le cur i bhfeidhm fóinteach. Is ríthábhachtach am agus foighne lena chinntiú go dtiteann an fhoghlaim agus an t athrú amach ar luas lena ligtear claochlú marthanach ar fud an chórais agus laistigh de scoileanna agus seomraí ranga.

## Oibreoimid uile in éindí chun eispéiris dhearfacha foghlama a chinntiú don uile pháiste

Freagracht uile-chórais atá i gceist leis an gcuraclam a chur i bhfeidhm go rathúil, is freagracht lena mbaineann gach uile dhuine aonair sa phobal oideachais. Múinteoirí, ceannairí scoile, páistí, teaghlaigh, soláthraithe oideachais tosaigh múinteoirí, seirbhísí tacaíochta, cigirí agus údaráis oideachais – is tábhachtach an t ionchur a chuireann siad ar fáil uile chun fís an churaclaim a bhaint amach. Chun é sin a bhaint amach, éilítear cumarsáid láidir, comhoibriú agus freagracht chomhroinnte laistigh de sheomraí ranga, ar fud scoileanna agus trasna an chórais oideachais níos leithne chun tacaíocht chomhordaithe agus sheasmhach a chinntiú mar aon le misniú do chách. Baineann sé leis an méid a dhéanaimid ar son a chéile. Nuair a leantar leis na hiarrachtaí sin, is buan an tionchar a bhíonn acu ar fhoghlaim agus forbairt na bpáistí uile inár scoileanna.

## Tá cumas gníomhúcháin againn chun an curaclam a dhéanamh tarraingteach agus fiúntach do gach uile pháiste

Tugtar deis don uile dhuine ach an curaclam athfhorbartha a chur i bhfeidhm tuiscint úrnua ar chumas gníomhúcháin agus úinéireacht ar fhís an churaclaim a ghlacadh chucu féin. Ní bhaineann cur i bhfeidhm an churaclaim le cleachtais atá ann cheana a chur i ngníomh agus sin amháin, baineann sé le cinntí gairmiúla a dhéanamh lena léirítear fís an churaclaim maidir le hionchuimsiú, rannpháirteachas, dul chun cinn agus forbairt iomlánaíoch. Chun cumas gníomhúcháin a chothú i measc múinteoirí agus páistí, ní mór roghanna machnamhacha a chumasú lena gcuirtear beocht sa churaclam i gcomhthéacsanna éagsúla. Tagann forbairt ar an tuiscint ar chumas gníomhúcháin le himeacht aimsire agus déantar í a neartú nuair a bhraitheann daoine go bhfuil muinín iontu, go bhfuil an spás acu le nuáil a dhéanamh agus oibriú in éindí i dtreo fhís an churaclaim.

**An Roinn Oideachais agus Óige**
**An Chigireacht**
**An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta**
**Oide**
**An Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland